

Scéim Tosaíochta Bus, Bóthar na Páirce Móire



Comhairliúchán Poiblí, Meitheamh 2022

Leagan Amach Beartaithe ag Corrán Bhaile an Bhriotaigh

A Chara,

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair le hInnealtóirí Comhairliúchán AECOM ar an dearadh le haghaidh na háiseanna coisithe agus bus ar Bhóthar na Páirce Móire a fheabhsú, mar chuid de Chreat Iompair Straitéiseach Cheantar na Páirce Móire.

Tá an bróisiúr seo á scaipeadh ar chónaitheoirí, ar úinéirí talún agus ar ghnólachtaí chun á gcur ar an eolas faoin bpróiseas Cead Pleanála Alt 38 atá ar bun do Scéim Tosaíochta na mBus, Bóthar na Páirce Móire. Iarrtar ar gheallsealbhóirí a gcuid aiseolais, tuairimí agus tacaíochta a thabhairt, mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar an togra seo.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear foirm aiseolais ar líne agus líníochtaí na scéime, le fáil ag www.galwaycity.ie/parkmore

Cúlra

Tá fadhbanna stairiúla ag Páirc Gnó na Páirce Móire le brú na tráchta, rud a fhágann go bhfuil moill shuntasach ar na busanna a fhreastalaíonn ar an gceantar. Tá na bealaí bus 401 agus 409 ar dhá cheann de na bealaí bus is gnóthaí i gCathair na Gaillimhe, ag iompar líon suntasach cónaitheoirí, fostaithe agus custaiméirí go dtí agus ó cheantar na Páirce Móire.

Cuspóirí na Scéime


- Áiseanna bus níos tapúla agus níos iontaofa a chur ar fáil i gceantar na Páirce Móire.
- Á dhéanamh níos éasca agus níos sábháilte do choisithe rochtain a fháil ar sheirbhísí bus i gceantar na Páirce Móire.
- Tacú le forbairt Pháirc Ghnó na Páirce Móire amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040


NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

AECOM




Tá tuilleadh eolais agus líníochtaí ar fáil ag www.galwaycity.ie/parkmore

Cuideanna A, B & C



Cuid D



Oibreacha Beartaithe

Tá an scéim dírithe ar thosaíocht do bhusanna a chur i bhfeidhm ar Bhóthar na Páirce Móire.

Cuirfear a leithéid tosaíochta bus beartaithe ar fáil trí athchumrú a dhéanamh ar an spás bóthair atá ann cheana féin chun lána bus ag dul ó dheas ó Thimpeallán na Páirce Móire a chur ar fáil go dtí aomhal Pháirc Gnó Chnoc na Drise. Feabhsóidh a leithéid an tseirbhís iompair phoiblí i gceantar na Páirce Móire, trí amanna taistil bus níos tapúla agus níos iontaofa a chinntiú.

Cuirfear cosán leanúnach ar ardchaighdeán ar fáil ar an dá thaobh de Bhóthar na Páirce Móire.

Séard a bheidh i gceist leis an scéim beartaithe um thosaíocht bus a chur ar fáil ná na príomh-acomhail a athailíniú agus trasrianta coisithe atá rialaithe ag comharthaí a tabhairt isteach ag príomhphointí d'fhonn rochtain ar na stadanna bus a éascú.

Ciallaíonn srianta fisiceacha an charrbhealaigh nach bhfuil an dóthain leithid ann chun áiseanna rothaíochta a chur ar fáil faoi láthair. Mar sin féin, tá pleananna ar leith do scéim leantach, chun tréscailteacht na rothaíochta agus na n-áiseanna sa Pháirc Mhór a fheabhsú, mar chuid d'fhorbairt fhadtéarmach an cheantair. Fanfaidh na hoibreacha atá molta sa scéim seo laistigh de theorainn an bhóthair atá ann faoi láthair, agus ceaptar nach mbeadh gá le talamh ar bith a ghabháil.

Tabhair Aiseolas ar na Tograí

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh aiseolas, tuairimí agus tacaíocht ó gheallsealbhóirí, mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar Uasghrádú Tosaíochta na mBusanna, Bóthar na Páirce Móire, atá beartaithe.

Ar líne – tá an fhoirm aiseolais ar fáil ar líne ag www.galwaycity.ie/parkmore

I scríbhinn – chuig Comhairliúchán Poiblí Tosaíocht na mBus ar Bhóthar na Páirce Móire, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

Tá foirmeacha aiseolais páipéir ar fáil ach á n-iarraidh dóibh siúd nach bhfuil rochtain dhigiteach acu nó imní eile na hinrochtaineachta acu. Déan teagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag activetravel@galwaycity.ie nó ag 091 536 400

Glacfar le haighneachtaí suas go dtí dheireadh an ghnó an 7 Iúil 2022.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí agus faoi réir chead pleanála Alt 38, cuirfear tús leis an Miondearadh ar Uasghrádú Tosaíochta na mBus, Bhóthar na Páirce Móire.

Ceaptar go gcuirfear tús leis an tógáil go déanach sa bhliain 2022.